Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 9 Deireadh Fómhair 2025 (OR. en)**

**13406/1/25 REV 1**

**Comhad Idirinstitiúideach: 2025/0223 (COD)**

**PROCIV 121**
**IPCR 67**
**SAN 586**
**POLMIL 281**
**COCON 61**
**JAI 1331**

**NÓTA**

| | |
|---|---|
| ó: | An Uachtaránacht |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 11689/25 + ADD 1 |
| Ábhar: | Páipéar réime ón Uachtaránacht i ndáil leis an togra le haghaidh Rialachán maidir le Sásra an Aontais um Chosaint Shibhialta agus tacaíocht ón Aontas d'ullmhacht agus freagairt i dtaca le héigeandáil sláinte, i bhfianaise na díospóireachta beartais sa Chomhairle Ceartais agus Gnóthaí Baile (an 13 agus an 14 Deireadh Fómhair 2025). |

Gheobhaidh na toscaireachtaí, i gceangal leis seo, páipéar réime ón Uachtaránacht i bhfianaise Chomhairle na nAirí Gnóthaí Baile an 13 agus an 14 Deireadh Fómhair 2025.

Páipéar Réime ón Uachtaránacht don phlé ar an togra le haghaidh Rialachán maidir le Sásra an Aontais um Chosaint Shibhialta (SACS) agus tacaíocht ón Aontas d'ullmhacht agus freagairt i dtaca le héigeandáil sláinte sa Chomhairle Ceartais agus Gnóthaí Beartais an 13 agus an 14 Deireadh Fómhair 2025

Is é is cuspóir don Uachtaránacht, leis an bplé seo, tuairimí na n-airí a lorg maidir leis an togra reachtach le haghaidh Rialachán maidir le Sásra an Aontais um Chosaint Shibhialta (SACS) agus maidir le tacaíocht ón Aontas d'ullmhacht agus freagairt i dtaca le héigeandáil sláinte.

Leis an togra, déantar an SACS atá ann cheana a nuashonrú agus a leathnú agus comhtháthaítear an tacaíocht airgeadais ón Aontas d'ullmhacht agus freagairt i dtaca le héigeandáil sláinte. Moltar ann freisin feidhmeanna trasearnála nua um chomhordú géarchéime, lena n-áirítear Mol AE um Chomhordú Géarchéime sa Choimisiún, chomh maith le gníomhaíochtaí a bhaineann le comhar míleata sibhialta ar leibhéal an Aontais. Chuige sin, tá gnéithe sa togra atá tábhachtach chun Straitéis an Aontais Eorpaigh um Aontas na hUllmhachta a chur chun feidhme a thuilleadh.

Le blianta beaga anuas, bhí ar an Eoraip – agus ar an domhan – aghaidh a thabhairt ar thubaistí agus ar ghéarchéimeanna ar scála agus ar castacht nach bhfacthas a leithéid riamh roimhe seo. Tá sé ina chogadh an athuair ar mhór-roinn na hEorpa agus tá athrú ó bhonn tagtha ar thírdhreach na slándála mar gheall ar chogadh foghach na Rúise ar an Úcráin. Tá dlús curtha le bagairtí hibrideacha agus é d'aidhm acu an bonn a bhaint de chobhsaíocht, de chomhtháthú agus d'athléimneacht ár sochaithe.

Ag an am céanna, tá tionchar an athraithe aeráide ag éirí níos déine, ar scála nach bhfacthas riamh roimhe seo. Tá méadú ag teacht ar a mhinice a chuireann teagmhais adhaimsire as don Eoraip – trí fhalscaithe millteanacha agus tuilte tubaisteacha tragóideacha, go príomha. Ina theannta sin, léirigh paindéim COVID-19 dúinn nach bhfuil an Eoraip slán ó phaindéimí ná ón tionchar ollmhór is féidir a bheith acu. Tá na himeachtaí sin idirnasctha agus is minic a bhíonn tionchar acu ar roinnt earnálacha ag an am céanna.

I bhfianaise an mhéid sin, ní mór don Aontas a bheith níos ullmhaithe chun freagairt ar thubaistí agus ar ghéarchéimeanna a bheidh ann amach anseo bunaithe ar chur chuige uile-ghuaise. Chun é sin a dhéanamh, ba cheart comhar ar leibhéal an Aontais idir na Ballstáit agus tacaíocht ó institiúidí an Aontais a threisiú, agus sainiúlachtaí na gcineálacha éagsúla tubaistí agus géarchéimeanna agus príomhfhreagracht na mBallstát i mbainistiú tubaistí agus géarchéime á gcur san áireamh ag an am céanna.

I mí an Mheithimh 2025, d'iarr an Chomhairle Eorpach ar an gComhairle agus ar an gCoimisiún leanúint den obair i ndáil le beartais an Aontais a bheith ag rannchuidiú le hathléimneacht agus ullmhacht sna réimsí ábhartha, lena n-áirítear athléimneacht an bhonneagair chriticiúil, agus freagrachtaí agus inniúlachtaí na mBallstát á n-urramú. Meabhraíodh di go mbíonn a sainiúlachtaí

féin ag cineálacha éagsúla géarchéimeanna agus gur ar na Ballstáit atá an phríomhfhreagracht ó thaobh na géarchéimeanna sin a bhainistiú. I ndáil leis an méid sin, d'iarr an Chomhairle Eorpach ar an gComhairle treoraíocht a chur ar fáil don Choimisiún féachaint an bhféadfaí feabhas a chur ar an tacaíocht a thugann an tAontas Eorpach do na Ballstáit i réimse na cosanta sibhialta, agus i réimsí beartais ábhartha eile inar soiléir tacaíocht an Aontais a bheith ina breisluach.

Is cuid thábhachtach dár n-iarrachtaí comhchoiteanna é an plé ar an togra reachtach seo chun a chinneadh conas is fearr an sprioc a bhaint amach, is é sin a bheith ullmhaithe ar bhealach níos fearr. Tá SACS ag dul ó neart go neart maidir le comhar agus dlúthpháirtíocht Eorpach agus bheadh ar aon fheabhsú a chinnfear faoin reachtaíocht nua sin cur leis an rath sin agus é a neartú. Ba cheart go mbeadh sé mar aidhm an dlúthpháirtíocht Eorpach a fheabhsú a thuilleadh.

Molann an Uachtaránacht na trí cheist threoracha seo a leanas, lena meas ag na hAirí, chun struchtúr a chur ar an bplé:

1. Cad iad bhur dtuairimí maidir leis na príomhathruithe a cuireadh chun cinn sa togra reachtach le haghaidh athbhreithniú ar Shásra an Aontais um Chosaint Shibhialta (SACS), lena n-áirítear maidir le céimeanna a mhol an Coimisiún chun tuilleadh feabhais a chur ar thacaíocht agus ar chomhordú ar leibhéal an Aontais idir institiúidí an Aontais agus na Ballstáit i réimse na cosanta sibhialta?

2. Cad iad bhur dtuairimí maidir le gnéithe nua trasearnála an Rialacháin, lena n-áirítear forálacha maidir le comhar míleata sibhialta agus maidir le Mol AE um Chomhordú Géarchéime sa Choimisiún, agus struchtúir bainistithe tubaistí agus géarchéime an Aontais agus na mBallstát atá ann cheana á gcur san áireamh?

3. Conas is féidir linn a áirithiú go bhfeabhsóidh an togra an comhar agus an dlúthpháirtíocht Eorpach agus sainiúlachtaí na gcineálacha éagsúla tubaistí agus géarchéimeanna á gcur san áireamh, agus urraim á tabhairt do phríomhfhreagracht na mBallstát agus do ról na Comhairle?